



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland

# Straitéis Náisiúnta IS na hÉireann

## IS – Anseo go Buan

Athnuachan 2024

Deireadh Fómhair 2024  
Arna ullmhú ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

## Clár an Ábhair

Clár an Ábhair .....	2
Réamhrá an Aire.....	3
Achoimre Fheidhmeach.....	6
Réamhrá .....	8
Snáithe 1: IS agus an tSochaí.....	11
Snáithe 2: Rialachas IS Iontaofa .....	14
Snáithe 3: Dlús a chur le IS i bhFiontraíocht Éireann .....	16
Snáithe 4: IS ag Freastal ar an bPobal.....	22
Snáithe 5: Timpeallacht Láidir Taighde agus Nuálaíochta IS .....	25
Snáithe 6: Oideachas, Scileanna agus Bua IS.....	28
Snáithe 7: Bonneagar do IS .....	32

## Réamhrá an Aire

Is ceannaire IS í Éire, a bhfuil Straitéis Náisiúnta IS bunaithe aici ó 2021, sular tháinig méadú ar an bhfeasacht ar IS mar thoradh ar shamhail teanga mhór, cheannródaíoch a seoladh sa bhliain 2022. Tá ár straitéis IS bunaithe ar iontaoibh, agus creidim gur príomhghné í sin den chúis gur suíomh chomh mealltach sin do nuálaíocht in IS í Éire.

Tá píblíne láidir de chumas teicneolaíoch againn ó gach réigiún agus ó gach ollscoil. Tá éiceachóras gnólachtaí nuathionscanta IS na hÉireann faoi bhláth – sa uasdátú is déanaí ón AE maidir leis an Deacáid Dhigiteach rangáíodh Éire sa 5<sup>ú</sup> háit san AE le haghaidh aonbheannach Digiteach, toradh iontach nuair a bhreathnaítear ar mhéid ár dtíre. Tríd an bhFóram Comhairleach Digiteach Fiontair, a bhfuil mise mar chathaoirleach air, bíonn plé spriocdhírthe agus struchtúrtha againn ionas gur féidir leis an Rialtas éisteacht le tuairimí agus le peirspictíochtaí fiontair agus saineolaithe chun glacadh le teicneolaíochtaí digiteacha a éascú in earnáil na tionsclaíochta, IS san áireamh.

Ón mbliain 2021, tá Éire á roghnú ag cuideachtaí atá ar thús cadhnaíochta i bhforbairt IS mar shuíomh dá láithreach san AE, agus tá moil Taighde agus Nuálaíochta IS bunaithe ag roinnt gnóthaí in Éirinn a bhfuil cáil dhomhanda orthu. Ní féidir linn a bheith réchúiseach, áfach, agus ní mór dúinn leanúint ar aghaidh le gníomh cinntitheach a dhéanamh, lenár dtosaíochtaí, beartais agus cláir a uasdátú, agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuilimid solúbtha agus inoiriúnaithe nuair a bhímid ag freagairt d'fhorbairtí atá ag tarlú.

Más rud é gurb é 2023 an bhliain ar thug go leor againn aird ar IS, is féidir a rá gur thosaigh IS ag athrú saol daoine in 2024. Déantar machnamh sa leagan athnuaithe seo den Straitéis Náisiúnta IS ar an méid atá tarlaithe, agus díritear ar an todhchaí, agus táimid airdeallach go háirithe ar chur chun feidhme Ghníomh IS an AE, ina soláthraítear an creat d'Éirinn agus don AE do nuálaíocht IS shábháilte agus do chosaint ceart bunúsach.

Creidim go láidir sa deis atá ann do gheilleagar beag, oscailte cosúil le hÉirinn chun tairbhe a bhaint as IS ar mhaithe leis an leas coiteann, i gcomhthéacs cúrsaí gnó, an gheilleagair agus na sochaí trí chéile. Tá féidearthachtaí iontacha ag baint le húsáid agus le cur i bhfeidhm na teicneolaíochta forleithne seo chun cabhrú le dúshlán a réiteach a bhaineann le cúram sláinte, fionnachtain eolaíochta, inbhuanaitheacht, talmhaíocht, iompar agus soghluaisteacht.

Chun é sin a dhéanamh, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil feasacht agus trédhearcacht níos fearr i measc gnóthaí agus úsáideoirí maidir le conas atá feidhmeanna IS iontaofa agus cearta daoine aonair á gcosaint. Chomh maith leis sin, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí cearta ar fáil. Leagtar amach san uasdátú seo ar an Straitéis Náisiúnta IS treochlár chun na tacaíochtaí sin a mhéadú agus a chomhordú ar bhealach níos fearr.

Ní mór dúinn aitheantas a thabhairt do na hábhair imní a bhaineann le rioscaí IS, idir na hábhair imní dháiríre agus na hábhair imní a mheastar atá ann. Ní mór dúinn déileáil leo sin chun a chinntiú nach bhfuil deiseanna á ligean le sruth. Beidh ról lárnach ag cur chun feidhme éifeachtach Gníomh IS an AE sa chomhthéacs seo, gníomh atá bunaithe ar chosaint ceart bunúsach, mar aon le rolladh amach caighdeán agus córas deimhnithe le haghaidh IS. Chomh maith leis sin, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuilimid páirteach i gcomhráite oscailte agus eolasacha faoi IS agus faoi na féidearthachtaí a bhaineann léi.

Anois an t-am chun gníomh cinnitheach agus eolasach a dhéanamh chun fíis IS na hÉireann a thabhairt chun beochta, fíis ina mbeidh ár ngnóthaí níos iomaíche, ina mbeidh ár seirbhísí poiblí níos éifeachtúla agus ina bhfeabhsófar ár ngeilleagar agus ár sochaí.

*Dara Cauley*

Nuashonrú ar Straitéis Náisiúnta IS na hÉireann  
IS – Athnuachan Anseo go Buan 2024

**Dara Calleary T.D.**

An tAire Stáit do Chur Chun Cinn na Trádála, Cúrsaí  
Digiteacha agus Rialú Cuideachtaí



## Achoimre Fheidhmeach

Seoladh an chéad Straitéis Náisiúnta Intleachta Saorga (IS) de chuid na hÉireann, 'IS – Anseo go Buan' i mí Iúil 2021. Is ionann an Straitéis Náisiúnta IS agus treo-chlár maidir leis an gcaoi is féidir le hÉirinn tairbhe a bhaint as féidearthachtaí IS chun tacú le táirgiúlacht, chun déileáil le dúshlání shochoaíocha agus chun seirbhísí poiblí a sholáthar. Samhlaítear léi am amach romhainn ina mbeidh Éire mar cheannródaí idirnáisiúnta i dtaca le húsáid a bhaint as IS do leas an ghnó, na seirbhísí poiblí, agus - an rud is tábhachtaí - do leas na ndaoine, trí chur chuige eiticíúil a bhfuil daoine ag a chroílár maidir le forbairt, glacadh agus úsáid IS.

Sa straitéis leagtar amach cur chuige uile-Rialtais maidir leis na cumasóirí riachtanacha a bhunú chun tacú le glacadh le IS sa chomhthéacs fiontair agus i seirbhísí poiblí, lena n-áirítear timpeallacht nuálaíochta thacúil, bonneagar sonraí agus nascachta slán, agus beartais chun a chinntiú go bhfuil an fhoireann oibre ullmhaithe don tionchar a bheidh ag IS.

Cuirtear san áireamh leis an athnuachan seo ar Straitéis Náisiúnta IS na hÉireann, na forbairtí suntasacha i dteicneolaíocht agus i rialú IS ó foilsíodh an Straitéis bunaidh in 2021.

Leagtar síos bonn láidir san athnuachan seo, agus leantar ar aghaidh le béim a leagan ar thábhacht fhorbairt agus úsáid IS atá iontaofa agus duinelárnach, agus ag an am céanna cinntítear go bhfuil Éire ag feidhmiú mar cheannaire chomh fada is a bhaineann le tairbhe gheilleagrach agus shochoaíoch a bhaint as IS. Is é an aidhm atá leis an athnuachan ná cothromaíocht a chinntiú idir nuálaíocht agus rialachán comhréireach agus bearta forbartha iontaoibhe.

I measc na **nGníomhartha Straitéiseacha** a bhfuil aird tarraingthe orthu san athnuachan seo tá:

- Go gcinntítear go bhfuil Éire mar cheannródaí i dtaca le cur i bhfeidhm éifeachtach Acht IS an AE, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht thairbheach i mBord IS an AE agus a ghrúpaí oibre chomh maith le caighdeán agus deimhniú IS a chur i bhfeidhm,
- Staidéar suntasach a choimisiúnú ar na tionchair fhéideartha a bhaineann le IS (lena n-áirítear IS giniúnach) agus le hardteicneolaíochtaí eile ar phríomhearnálacha de chuid gheilleagar na hÉireann,
- Feachtas náisiúnta a fhorbairt chun feasacht a ardú i measc FBManna maidir leis na buntáistí a bhaineann le IS a ghlacadh agus na tacaíochtaí atá ar fáil,
- Bosca gainimh rialála IS a bhunú chun nuálaíocht in IS a chothú,
- Cumarphointe Taighde IS Náisiúnta a chruthú lena mbaineann féiniúlacht chomhaontaithe,
- Leanúint ar aghaidh le tallann IS ar ardchaighdeán a fhorbairt trí Ionaid Thaighde Éireann,
- Spás sábháilte a chruthú ina dtugtar spreagadh do státseirbhísigh agus d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí triail a bhaint as uirlisí IS,

- Staidéar 2022 ar scileanna IS an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna na Toghcháin a nuashonrú, ailínithe leis na spriocanna atá leagtha amach i nDeacáid Dhigiteach an AE maidir le scileanna agus rannpháirtíocht na mban,
- Cur le raon na dtionscnamh uasoiliúna agus athoiliúna digiteacha, lena n-áirítear iad siúd atá ar fáil trí Skillnet Ireland, Springboard+, printíseachtaí agus tionscnaimh chaipitil dhaonna amach anseo,
- Úsáid agus rochtain mhéadaithe ar ard-sheirbhísí ríomhaireachta IS a chur chun cinn, agus
- Tacaíocht a thabhairt do bhonneagar a bhunú, lena n-áirítear lárionaid sonraí le bheith mar bhonn faoi na chéad ghlúnta teicneolaíochtaí IS eile.

## Réamhrá

Seoladh an chéad Straitéis Náisiúnta Intleachta Saorga (IS) de chuid na hÉireann, 'IS – Anseo go Buan' i mí Iúil 2021. Is é an aidhm atá leis an Straitéis a chinntiú go bhfuil tairbhe á baint as cur chuige freagrach, a urramaíonn cearta agus atá ionchuimsitheach maidir le forbairt, le cur i bhfeidhm agus le glacadh le IS. Éilíonn sé sin comhpháirtíocht láidir idir an Rialtas, ár bhfiontair agus ár nuálaithe, ár bpobail taighde agus an tsochaí shibhialta; Táimid go léir freagrach as IS atá freagrach.

Is ionann an Straitéis Náisiúnta IS agus treochlár maidir leis an gcaoi is féidir le hÉirinn tairbhe a bhaint as féidearthachtaí IS chun tacú le táirgiúlacht, chun déileáil le dúshláin shochoaíocha agus chun seirbhísí poiblí a sholáthar. Samhlaítear todhchaí ina mbeidh Éire ag feidhmiú mar cheannaire idirnáisiúnta chomh fada is a bhaineann le IS a úsáid chun tairbhe gnó, seirbhísí poiblí agus - níos tábhachtaí ná rud ar bith eile - chun tairbhe daoine, trí chur chuige duinelárnach maidir le forbairt, le glacadh agus le húsáid iontaofa IS.

Leagadh amach sa Straitéis cur chuige uile-Rialtais i dtaca leis na cumasóirí riachtanacha a chur i bhfeidhm le bheith mar bhonn faoi ghlacadh IS i seirbhísí fiontraíochta agus poiblí, lena n-áirítear éiceachóras nuálaíochta tacúil, bonneagar sonraí agus ceangail sábháilte, agus polasaithe le cinntiú go bhfuil an lucht saothair ullamh le haghaidh tionchar IS.

### **FÍS**

*Beidh Éire ag feidhmiú mar cheannaire idirnáisiúnta chomh fada is a bhaineann le IS a úsáid chun tairbhe ár bpobail, trí chur chuige freagrach, duinelárnach maidir le forbairt, le glacadh le agus le húsáid IS iontaofa.*

Is príomhchuid é muinín an phobail a thógáil i dtaca lena chinntiú go nglacfar go forleathan le IS sa gheilleagar agus sa tsochaí níos leithne. Is minic gurb é a bhíonn i gceist leis ná an gá atá ann le trédhearcacht agus freagracht a chaomhnú, cuid de na príomhphrionsabail a bhaineann le IS iontaofa. Tá an struchtúr rialála chun soláthar a dhéanamh do mhaoirseacht agus d'fhorfheidhmiú Ghníomh um an Intleacht Shaorga an AE ag Leibhéal Náisiúnta á chur i bhfeidhm ag Éirinn faoi láthair. Is é an cur chuige comhréireach, rioscabhunaithe a nglactar leis i nGníomh IS an AE an cur chuige ceart, agus cosnóidh sé sábháilteacht agus cearta bunúsacha daoine aonair agus tacóidh sé le nuálaíocht ag an am céanna.



Tá go leor den bhéim ó seoladh an Straitéis leagtha ar na bloic thógála riachtanacha a bhunú do ghnóthaí chun glacadh ar bhealach ísealriosca le IS iontaofa. Cuimsítear anseo timpeallacht Rialachais láidir a bhunú agus Comhairle Chomhairleach IS a bhunú. Tá maoiniú deontais spriocdhírthe ar fáil anois freisin, agus tá ar ár gcumas dlús a chur le glacadh le IS sna blianta amach romhainn, trí bheith ag obair i ndlúthchomhar lenár nGníomhaireachtaí Fiontair, agus trí thairbhe a bhaint as comhairle agus as treoir na Comhairle Comhairlí IS neamhspleách.

Tá glacadh agus úsáid leanúnach theicneolaíochtaí IS nua riachtanach chun dlús a chur le hiomaíochas agus le nuálaíocht gnóthaí Éireannacha i margáí idirnáisiúnta. Tá go leor gnóthaí Éireannacha atá ag baint tairbhe as IS ag forbairt ag leibhéal domhanda, agus tá an rud céanna á dhéanamh ag roinnt gnólachtaí nuathionscanta den chéad scoth. Tá Fiontraíocht Éireann den tuairim go bhfuil deis iontach ag fiontraithe Éireannacha chun ról ceannaireachta a bheith acu sa réimse seo atá ag athrú de shíor.

Aithníonn GFT Éireann deiseanna suntasacha freisin. Ó seoladh an straitéis seo in 2021, tá cuideachtaí domhanda atá ar thús cadhnaíochta chomh fada is bhaineann le forbairt IS bunaithe in Éirinn, agus tá roinnt gnóthaí ceannródaíochta domhanda i ndiaidh moil Taighde agus Nuálaíochta IS a bhunú in Éirinn.

Ainmníodh CeADAR, Ionad Teicneolaíochta FÉ/GFT um Anailísíocht Sonraí Feidhmeacha agus an Mheaisínintleacht, mar Mhol Náisiúnta IS na hÉireann mar chuid den líonra Mol Nuálaíochta Digití Eorpach agus leithdháileadh maoinithe de €1.9 milliún in aghaidh na bliana aige. Cuirfidh an t-ainmniú sin ar chumas CeADAR feidhmiú mar ionad ilfhreastail do ghnólachtaí atá ag tabhairt faoina dturas IS.

Thionóil Comhairle Chomhairleach na hIntleachta Saorga a céad chruinniú i mí Eanáir 2024, agus tá sé de chúram uirthi treoir, comhairle agus moltaí saineolacha a chur ar fáil don rialtas maidir le ceisteanna atá ag teacht chun cinn a bhaineann le hintleacht shaorga agus léargas a thabhairt ar threochtaí, ar dheiseanna agus ar dhúshláin. Chomh maith leis sin, glacann baill den Chomhairle páirt i gcumarsáid phoiblí a bhfuil sé mar aidhm léi léargas soiléir a thabhairt ar agus tacú le IS iontaofa, dhuinelárnach, lena n-áirítear agallaimh leis na meáin agus rannpháirtíocht in imeachtaí gnó, poiblí agus earnálacha.

Chomh maith leis sin, in 2024, léiríodh i dtuarascáil Thimpeallacht Tallainne Skillnet Ireland, de réir a chéile go bhfuil gnóthaí ag glacadh le scileanna IS mar phríomhréimse fáis agus go bhfuil níos mó feasachta ar na deiseanna is féidir le IS a chruthú do ghnóthaí. Gach bliain, trína Thionscnaimh Líonraí Gnó agus Náisiúnta, soláthraíonn Skillnet Ireland cláir scileanna digiteacha do bhreis is 13,400 oibrí in earnálacha éagsúla.

Tá caipiteal díreach tosaigh ar luach €750 milliún é leithdháilte ag an Rialtas chun bonneagar leictreachais a fhorbairt, go háirithe chun tacú le Céim I d'fhorbairt eangaí easchósta. Éascóidh an caipiteal suntasach seo tuilleadh forbartha gaoithe easchósta do EirGrid, cumasóidh sé dícharbónú an gheilleagair trí chéile agus feabhsóidh sé ár n-iomaíochas. Spreagfaidh an scéala faoin maoiniú seo a bheith á chur ar fáil tuilleadh infheistíochta tionsclaíche agus éascóidh sé forbairt an gheilleagair dhigitigh agus IS-chumasaithe.

Cuirtear san áireamh leis an athnuachan seo ar Straitéis Náisiúnta IS na hÉireann, na forbairtí suntasacha i dteicneolaíocht agus i rialú IS ó foilsíodh an Straitéis bunaidh in 2021.

Leagtar síos bonn láidir san athnuachan seo, agus leantar ar aghaidh le béim a leagan ar thábhacht fhorbairt agus úsáid IS atá iontaofa agus duinelárnach, agus ag an am céanna cinntítear go bhfuil Éire ag feidhmiú mar cheannaire chomh fada is a bhaineann le tairbhe gheilleagrach agus shochoaíoch a bhaint as IS. Is é an aidhm atá leis an athnuachan ná cothromaíocht a chinntiú idir nuálaíocht agus rialachán comhréireach agus bearta forbartha iontaoibhe. Dírítear ar ghníomh i dtrí phríomhréimse:

- **Iontaoibh an Phobail in IS a Chothú:**
  - Cur le tuiscint an phobail ar IS trí ghuthanna neamhspleácha iontaofa, lena n-áirítear an Chomhairle Chomhairleach IS, Gníomh IS an AE a chur chun feidhme, caighdeán agus deimhniú i gcomhair IS a rolladh amach agus a chinntiú go bhfuil guth na hÉireann le cloisteáil i bhfórait rialachais IS idirnáisiúnta.
- **Úsáid a bhaint as IS chun tairbhe an gheilleagair agus na sochaí:**
  - Tacú le gnóthaí chun glacadh le IS agus cabhrú le gnólachtaí nuathionscanta agus le gnólachtaí IS atá ag méadú dul chun cinn a dhéanamh.
  - IS iontaofa a úsáid ar mhaithe le seirbhísí poiblí níos fearr a sholáthar.
- **Cumasóirí le haghaidh IS:**
  - Timpeallacht taighde láidir a choinneáil ar bun a thacaíonn le cothromaíocht shláintiúil idir taighde bunúsach agus feidhmeach.
  - Scileanna IS agus digiteacha a leabú ar fud an bhonneagair oideachais agus scileanna, agus scileanna IS ardleibhéil a fhorbairt.
  - Rochtain inbhuanaithe a chinntiú ar bhearta acmhainne ríomhaireachta, sonraí agus cibearshlándála riachtanacha le haghaidh IS.

---

## Snáithe 1: IS agus an tSochaí



Tá iontaoibh an phobail a chothú in IS ag croílár Straitéis IS na hÉireann. Tá tús áite tugtha ag an Rialtas do na meicníochtaí agus do na ráillí cosanta rialachais cuí a bhunú chun a chinntiú go n-úsáidtear IS ar bhealach freagrach in Éirinn. Tá sé tábhachtach a chinntiú, áfach, go bhfuil timpeallacht láidir d'fhoinsí neamhspleácha saineolais ar fáil a ghlacfaidh páirt i bhforbairt na tuisceana fianaisebhunaithe ar IS i measc an phobail.

Príomhghníomh sa Straitéis IS ba ea ceapadh Ambasadóir IS, an Dr Patricia Scanlon, a raibh ról fíorluachmhar aici, i rith a tionóntachta, chomh fada is a bhain le hiontaoibh an phobail in IS a fhorbairt.

Chun cur leis an rath sin, i mí Eanáir 2024, bhunaigh an Rialtas Comhairle Chomhairleach IS<sup>1</sup>, a raibh saineolaithe neamhspleácha páirteach inti, agus a bhí faoi chathaoirleacht an Dr Scanlon. Tá an Chomhairle ag cur comhairle neamhspleách, shaineolach ar an Rialtas maidir le beartas intleachta saorga. Cuimsítear lena mandáid freisin rannpháirtíocht phoiblí chun leanúint le muinín a thógáil i dtaca le húsáid a bhaint as IS iontaofa. Ó bhí mí Eanáir 2024 ann, ghlac baill na Comhairle páirt sna céadta imeachtaí, agallamh, painéal agus coinní eile.

I measc na bhfoinsí eile de shaineolas IS neamhspleách tá pobal taighde na hÉireann, go háirithe ionaid taighde a bhfuil Taighde Éireann ag tacú leo. Mar shampla, chabhraigh an clár rannpháirtíochta poiblí #PléighIS de chuid ADAPT, Ionad Taighde um Theicneolaíocht Inneachair Dhigitigh IS-Thiomáinte Thaighde Éireann, le breis is 45,000 ball den phobal foghlaim faoi IS ó 2021.

---

<sup>1</sup> Preaseisiúint RFTF, 17 Eanáir 2024 <https://enterprise.gov.ie/en/news-and-events/department-news/2024/january/17012024.html>.



*Dara Calleary T.D., An tAire Stáit do Chur Chun Cinn na Trádála, Cúrsaí Digiteacha agus Rialú Cuideachtaí agus an Dr Patricia Scanlon, Cathaoirleach na Comhairle Comhairlí IS*

### **Gníomhartha Straitéiseacha**

- 1A: Tacú leis an gComhairle Chomhairleach IS chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag an Rialtas ar chomhairle IS sholúbtha, neamhspleách, shaineolach ionas gur féidir léi freagairt ar bhonn tráthúil do na hathruithe tapa atá ag tarlú ar theicneolaíocht IS, agus do na dúshlán agus do na deiseanna a bheidh ann amach anseo. (An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF), Roinn an Taoisigh (RT) agus Ranna eile, de réir mar is cuí)
- 1B: Feasacht a mhúscailt i measc an phobail agus gnóthaí maidir leis na ráillí cosanta atá bunaithe chun a chinntiú go bhfuil IS iontaofa in úsáid (Gníomh IS, caighdeáin agus deimhniú etc.). (RFTF)
- 1C: Glacadh le litearthacht IS<sup>2</sup> mar ghné lárnach de Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann 2024--2033: Plean Feidhmithe go dtí 2028.<sup>3</sup> (R/Oideachais agus Ranna agus gníomhaireachtaí eile de réir mar is cuí)

---

<sup>2</sup> Ciallaíonn 'litearthacht IS' tuiscint ar na buntáistí, na rioscaí, na cosaintí, na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann le húsáid a bhaint as córais IS.

<sup>3</sup> Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann 2024-2033: Plean Feidhmithe go dtí 2028, Bealtaine 2024 <https://www.gov.ie/en/publication/3f341-towards-a-new-literacy-numeracy-and-digital-literacy>

Nuashonrú ar Straitéis Náisiúnta IS na hÉireann  
IS – Athnuachan Anseo go Buan 2024

## Snáithe 2: Rialachas IS Iontaofa



Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis an snáithe seo ó seoladh an Straitéis IS in 2021.

### Rialáil

Is é an rud is tábhachtaí gur tháinig Gníomh um an Intleacht Shaorga cinniúnach an AE i bhfeidhm i mí Lúnasa 2024. Bunaíonn an rialachán rioscabhunaithe seo ráilí cosanta d'fhorbairt agus d'úsáid IS iontaofa, dhuinelárnach san Aontas Eorpach, agus cinntítear go bhfuil cothromaíocht idir cearta bunúsacha agus tacú leis an nuálaíocht. Soláthraíonn an gníomh soiléire rialála do ghnóthaí a bhfuil sé beartaithe acu IS a fhorbairt nó infheistiú i réitigh IS.

Is é an rud is tábhachtaí nach leagann Gníomh IS an AE ach beagán oibleagáidí, nó oibleagáidí ar bith, ar ghnóthaí a úsáideann IS chun a dtáirgiúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú. Ní bhaineann ach beagán riosca nó riosca ar bith le formhór na gcóras IS agus ní bheidh aon oibleagáid ann faoin nGníomh. I measc na ngnáth-fheidhmchlár gnó ísealriosca tá tras-scríobh guth go téacs, inneachar a mholadh, uirlisí margaíochta agus uirlisí riaracháin cúloifige, cosúil le bainistíocht fardail, cuntasáocht agus sceidealú.

Tá an Gníomh IS dírithe go príomha ar úsáidí ardriosca a bhfuil an poitínseal acu tionchar suntasach a imirt ar chearta nó ar shábháilteacht daoine aonair – i measc na samplaí tá IS a úsáid d'earcaíocht nó chun rochtain ar sheirbhísí riachtanacha a rialú cosúil le hárachas creidmheasa nó sláinte. Toirmisceann an Gníomh IS a úsáid i gcásanna de riosca do-ghlactha (próifíliú coirpeach agus scóráil shóisialta mar shampla), agus leagtar amach ann ceanglais shoiléire nach mór a chomhlíonadh i gcásanna d'ardriosca agus de riosca meánach. Cuirfear an Gníomh chun feidhme ar bhonn céimnithe thar thréimhse trí bliana, agus beidh éifeacht leis na cleachtais thoirmiscthe ó mhí Feabhra 2025.

Beidh cur chun feidhme an Ghnímh á stiúradh ag leibhéal AE agus Bord IS an AE, agus beidh roinnt meithleacha aige chun comhairle a thabhairt maidir le príomhtháirgí insoláthartha, lena n-áirítear forbairt treoirlínte agus cód cleachtais. Beidh ionadaíocht á déanamh ar Éirinn sna grúpaí seo ar fad agus tacófar le cur chuige cothrom a chothaíonn nuálaíocht.

### **Caighdeáin agus Deimhniú**

Tá ról gníomhach ag Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) i bhforbairt caighdeán ar fud an AE le haghaidh IS, a chuirfear chun feidhme comhthreomhar leis an nGníomh IS. Ceanglófar ar fhorbróirí agus ar úsáideoirí chórais IS na caighdeáin seo a chomhlíonadh faoin nGníomh, a sholáthróidh athdhearbhú do ghnóthaí a fhaigheann córais IS.

Tá an réimse IS an-dinimiciúil, agus tá a rialachán ag cruthú dúshlán nua agus nuálach go leanúnach. Déanfaimid athbhreithniú agus leasú leanúnach ar struchtúir rialachais, i bhfianaise forbairtí agus taithe.

### **Gníomhartha Straitéiseacha**

- 2A: A chinntiú go bhfuil Éire ag feidhmiú mar cheannaire chomh fada is a bhaineann le cur chun feidhme éifeachtach Gníomh IS an AE, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht chuiditheach i mBord IS an AE agus ina mheithleacha. (RFTF, Ranna eile, Údaráis Inniúla, de réir mar is cuí)
- 2B: Feachtas a fhorbairt chun feachtas FBM agus CIN a mhúscailt ar impleachtaí an Ghnímh IS, agus ar an gcóras caighdeán IS, a bhaineann leo. (RFTF, Fiontraíocht Éireann, GFT)
- 2C: Treochlár Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann do Chaighdeáin agus do Dhearbhú IS a chur chun feidhme. (RFTF, ÚCNÉ, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann)
- 2D: A chinntiú go bhfuil guth na hÉireann le cloisteáil i bhfóirid idirnáisiúnta maidir le rialachas IS. (An Roinn Gnóthaí Eachtracha (RGE), RFTF, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC), an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE))

### Snáithe 3: Dlús a chur le IS i bhFiontraíocht Éireann



Tá Éire anois ag feidhmiú mar mhol teicneolaíochta digiteach domhanda, agus tá ról ríthábhachtach agus suaiteach ag nuálaithe Éireannacha ceannródaíocha sa tionscal a athrú ó bhonn in go leor earnálacha. Tá an earnáil IS in Éirinn faoi bhláth. Tá píblíne láidir de chumas teicneolaíoch againn ó gach réigiún agus ó gach ollscoil. Tá níos mó úsáide de réir a chéile á baint ag gnóthaí Éireannacha as IS agus as arduirlisí digiteacha chun rath a chinntiú i margaí idirnáisiúnta. Tá réitigh IS suaiteacha á bhforbairt ag fiontraithe Éireannacha h in earnálacha lena n-áirítear cúram sláinte, cibearshlándaíl, oideachas, inbhuanaitheacht, airgeadas, cruthú inneachair, slabhra soláthair agus seirbhís do chustaiméirí, do mhargadh domhanda.

B'ionann seoladh an chéad chomhéadain chomhrá a bhí ar fáil go forleathan do Shamhail Teanga Mhór i mí na Samhna 2022 agus mórathrú ar inrochtaineacht agus ar fheidhmiúlacht theicneolaíocht IS ilfheidhmeach. Beidh impleachtaí suntasacha ag infhaighteacht fhorleathan ar shamhlacha IS Ghiniúnach nua, ar féidir leo téacs, íomhánna, fuaim, físeán agus bogearraí sintéiseacha a ghiniúint, ar an tslí a bhfeidhmíonn go leor gnóthaí agus ar a n-iomaíochas.

Is uirlis chumhachtach í IS Ghiniúnach ar féidir le gnóthaí a úsáid chun táirgiúlacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú, chun díriú ar nuálaíocht agus chun a gcaidreamh lena gcustaiméirí a fheabhsú. I measc na ngnáth-fheidhmchlár tá córais IS á n-úsáid do rialú cáilíochta agus próisis san earnáil déantúsaíochta, botáí comhrá/cúntóirí IS i seirbhísí gnó, agus ardáin IS ghiniúnach a úsáidtear ar fud na n-earnálacha cruthaithe inneachair.

Táthar ag leanúint ar aghaidh le feidhmchláir IS thraidisiúnta nó “chúnga” a fhorbairt agus tá deiseanna ollmhóra ann do ghnóthaí.



Tá teicneolaíocht IS ag forbairt chomh tapa sin go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag gnóthaí na deiseanna a bhaineann léi a shainaithint. Tá raon saincheistanna ann nach mór a bhreithniú sula nglacfar leis an teicneolaíocht seo. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach próisis bhunaithe a oiriúnú, b'fhéidir go mbeadh gá le cúrsaí oiliúna agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le creat rialaithe chun rioscaí a mhaolú.

Cabhróidh an Rialtas le gnóthaí chun déileáil leis an tréimhse seo d'athrú teicneolaíoch tapa, chun tairbhe a bhaint as na deiseanna agus chun iad féin a chosaint ó na rioscaí (lena n-áirítear an riosca a bhaineann le titim chun deiridh i gcomparáid lena n-íomaitheoirí). Trí bheith ag obair lenár ngníomhaireachtaí fiontair agus leis na comhlachtaí ionadaíocha gnó, cabhróimid le gnóthaí teacht ar thuiscint ar na himpleachtaí a bheidh ag IS ar a samhail ghnó.

### **Gnóthaí Éireannacha ag Glacadh le IS**

I ndiaidh Fhoilsiú na Straitéise Náisiúnta IS, bhunaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Fóram Comhairleach Digiteach Fiontraíochta chun comhairle a chur ar agus chun oibriú leis an Rialtas chun dlús a chur le glacadh le hIntleacht Shaorga (IS) i measc an tionscail agus le teicneolaíochtaí digiteacha eile. I measc bhaill an Fhórait tá oifigigh ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, na gníomhaireachtaí Stáit agus saineolaithe fiontair agus IS a roghnaíodh trí phróiseas oscailte léirithe spéise. Tá an tAire Stáit do Chur Chun Cinn na Trádála, Cúrsaí Digiteacha agus Rialú Cuideachtaí i mbun cathaoirleachta ar an bhFóram.

Tá tús áite á thabhairt ag an bhFóram do thacú leis an Rialtas chun an straitéis IS a chur chun feidhme. Mar chuid den obair seo, tá an Fóram ag cur comhairle ar an Rialtas maidir leis an tslí is fearr chun an “creat dréimire forbartha IS” a úsáid chun dlús a chur le cur chuige céimnithe maidir le glacadh le IS - idir múscailt feasachta agus deiseanna chun nasc a bhunú le, chun scrúdú a dhéanamh ar agus chun triail a bhaint as IS, cúnaimh a thabhairt le cur chun feidhme - ar féidir é a rolladh amach d'fhiontair, le béim ar mhicreaghnóthais agus ar FBManna ar fud na tíre.

Bhunaigh an Rialtas **CeADAR, Ionad na hÉireann don IS Fheidhmeach**, faoi Chlár Ionad Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann, chun feidhmiú mar dhroichead idir an taighde feidhmeach in IS agus anailísíocht sonraí agus an úsáid thráchtála atá á baint astu ag an earnáil ghnó. Leanfaidh CeADAR ar aghaidh le béim a leagan ar fhreastal ar riachtanais an tionscail i réimsí na hanailísíochta sonraí agus na IS. Soiléireoidh sé na coincheapa seo do spriocphobal neamhtheicniúil agus míneoidh sé conas is féidir IS a chur i bhfeidhm i gcleachtas. Tá taithí ag CeADAR cheana féin ar chabhrú le cuideachtaí i raon leathan earnálacha tionscail agus luach a chur leis trí úsáid a bhaint as IS agus tá clár d’oiliúint fhoirmiúil in IS bunaithe cheana féin. Scrúdófar roghanna chun raon seirbhísí CeADAR a fhorbairt a bheidh ag feidhmiú mar chroílár an chórais tacaíochta náisiúnta do IS a bheith á glacadh ag gach gnó atá bunaithe in Éirinn, lena n-áirítear gnóthaí dúchasacha agus ilnáisiúnta.

Is féidir le FBManna a bhfuil tacaíochtaí á lorg acu chun glacadh le IS cuairt a thabhairt ar <https://ceadar.ie/edih/>

Tá sainordú ag CeADAR, i dteannta le trí Mhol Nuálaíochta Digití Eorpacha eile (MNDEna) in Éirinn (i gCorcaigh, i Sligeach agus in An Muileann gCearr), chun feidhmiú mar ionad ilfhreastail chun cabhrú le FBManna tairbhe a bhaint as ré dhigiteach.

Cabhróidh an costas íseal, nó an ganntanas costais, le gnóthaí beaga atá ag smaoineamh ar thairbhe a bhaint as uirlisí IS. Mar shampla, tairgeann CeADAR raon cúrsaí oiliúna do FBManna lena n-áirítear “IS d’Fheidhmeannaigh”, “Bunriachtanais IS do Chách” agus “oiliúint d’Ambasadóirí IS”. Chomh maith leis sin, tá cúrsaí oiliúna forbartha aige maidir le conas uirlisí foinse oscailte a úsáid chun réiteach bota comhrá IS a fhorbairt do riachtanais ghnó.

Le cois scileanna agus oiliúint, tairgeann clár MNDE CeADAR tacaíochtaí i dtrí cholún eile freisin:

- **Tástáil Roimh Infheistíocht**, lena n-áirítear Measúnú Aibíochta Digití agus sainchomhairleoireacht leantach, sraith ceardlann chun scóipeáil cruthúnais a dhéanamh ar choincheapa agus tacaíocht tionscadail thiomnaithe,
- **Tacaíocht chun Infheistíocht a Fháil**, trí ardán agus ceardlanna ar líne,

#### Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha Eile

**FactoryxChange (FxC) á stiúradh ag Taighde Déantúsaíochta na hÉireann in An Muileann gCearr** chun tacú le monarchana chun feidhmiú mar ‘Monarchana na Todhchaí’ atá ag déileáil leis na dúshlán éiceolaíochta, dhigiteacha agus shochoaíochta. [www.factoryxchange.ie](http://www.factoryxchange.ie)

**ENTIRE** á stiúradh ag Institiúid Náisiúnta Tyndall i gCorcaigh chun cabhrú le FBManna agus le gnólachtaí nuathionscanta chun a bheith níos iomaíche ina bpróisis ghnó/táirgthe trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha cosúil le hidirlíon na nErraí agus braiteoirí. [entire-edih.ie](http://entire-edih.ie)

**DATA2SUSTAIN** á stiúradh ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh i Sligeach, chun acmhainn athraithe FBManna i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair a fheabhsú agus chun béim a leagan ar an ngeilleagar ciorclach, ar oibríochtaí agus ar réimsí inbhuanaitheachta. [data2sustain.ie](http://data2sustain.ie)

- **Forbairt Éiceachórais**, le himeachtaí agus líonrú.

Tá foirne de theicneolaithe oilte ag **Fiontraíocht Éireann agus ag GFT Éireann** chun comhairle a chur ar a gcliantghnóthaí maidir leis an tionchar atá ag uirlisí IS ar a n-earnálacha, chun iad a threorú chun scrúdú a dhéanamh ar an tslí is féidir leo IS a chomhtháthú ina samhlacha gnó, agus chun comhairle a chur orthu maidir leis an gcúnamh Rialtais atá ar fáil.

Chun tacú leis an nglacadh atá ag **micreaghnothais agus ag FBManna** le IS,

- d'fhorbair agus sheol an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Ardán Forbartha Digití - seirbhís nua saor in aisce a chuireann ar chumas gnóthaí féinmheasúnú a dhéanamh ar a n-acmhainn dhigiteach agus scórchárta a fháil ar a n-aimsítear réitigh chun dlús a chur le héifeachtúlachtaí.
- Leathnaigh na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFÁna) an incháilitheacht don dearbhán Forbartha Digití tríd an dearbhán a thairiscint do gach gnó beag beann ar a stádas easpórtála, a bhfuil suas le 50 fostaí aige, chun caiteachas incháilithe a nuachóiriú agus chun an deontas a dhúbailt go dtí €5,000; Is féidir an Dearbhán Forbartha Digití a úsáid chun cabhrú le gnóthaí gníomhú ar mholtaí a fhaightear tríd an Ardán Forbartha Digití, agus chun infheistiú i gcórais dhigiteacha cosúil le háirithint ar líne, rialú stoic, IS, léargas custaiméirí, bogearraí párolla agus cibearshlándáil.
- Bhunaigh na OFÁna Scéim sainchomhairleoireachta gnó a sholáthraíonn sainchomhairleoirí digiteacha chun cabhrú le gnóthaí a bhfuil suas le 50 fostaí acu chun scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun glacadh le teicneolaíocht.

Is príomhtháirge insoláthartha é seoladh an Ardáin Forbartha Digití faoin Straitéis Náisiúnta Dhigiteach, chun cabhrú le spriocanna 90% de FBManna a bhfuil déine dhigiteach bhunúsach acu ar a laghad, agus a bhfuil 75% díobh ar a laghad ag glacadh le hAnailísíocht IS, Néil agus Sonraí faoi 2030.



*Oifigigh RFTF ag tarraingt aird ar an Ardán Forbartha Digití ag Comórtais Náisiúnta  
Treabhdóireachta 2024*

## **Deiseanna do Ghnólachtaí Nuathionscanta agus do Thosú Ardacmhainne**

Príomhthosaíocht don Rialtas é tacú le fiontraíthe, le gnólachtaí nuathionscanta agus le tosú IS. Cumasóir tábhachtach do thosú nuálach é rochtain ar airgeadas, agus go háirithe ar chaipiteal riosca. Bhí níos mó ná leath de na gnólachtaí a bhfuil cláir infheistíochta chothromais Fhiontraíocht Éireann ag tacú leo (Ciste Tús Iomaíoch, Clár Tosaithe Ardacmhainne agus clár Caipitil Síil agus Fiontair) sna 10 mbliana go dtí dheireadh 2022 ag díriú ar an earnáil TFC agus tá líon níos mó ag díriú ar an earnáil IS anois. Sheol an Rialtas, trí Fhiontraíocht Éireann, Scéim Caipitil Síil & Fiontair nua in 2024, a thabharfaidh tús áite d'earnálacha agus do theicneolaíochtaí sonracha, lena n-áirítear IS.

**Tairgfidh Luasaire na Timpeallachta IS in CeADAR** mar chuid de chlár an Mhoil Nuálaíochta Digití Eorpaigh ballraíocht fiontraíochta, tiomsaithe airgid, theicniúil agus thráchtála do 12 chuideachta mar chuid de chlár 9 mí in 2024/25.

Chomh maith leis sin, tá an Rialtas tiomanta do thacar d'ionstraimí scálaithe a bhfuil an Rialtas ag tacú leo a fhorbairt a mhéadóidh infhaighteacht caipitil le méideanna ticéid níos mó agus le hinghlachacht riosca níos airde do ghnóthaí Éireannacha nuálacha (lena n-áirítear gnóthaí IS) ag a bhfuil acmhainn scálaithe.

## **Éire mar shuíomh Infheistíochta Mealltaí do Chuideachtaí IS Nuálacha**

Is mol ceannródaíoch í Éire d'infheistíocht idirnáisiúnta, go háirithe na hearnálacha airgeadais, TFC, eolaíochtaí na beatha agus seirbhísí gnó domhanda. Tá ionaid bairr feabhais san IS agus san eolaíocht sonraí bunaithe ag roinnt gnólachtaí anseo. Tá IS agus meaisínfhoghlaim fheidhmeach úsáidte sna hearnálacha déantúsaíochta, seirbhísí agus tionsclaíochta anseo le blianta fada anuas. Leanfaimid ar aghaidh ag obair chun a chinntiú gur suíomh mealltach d'infheistíocht a bheidh in Éirinn agus a chinntiú go n-oibríonn timpeallacht IS na hÉireann le chéile go comhleanúnach chun dlús a chur le forbairt, nuálaíocht, táirgiúlacht agus fás táirgí nua IS.

### Gníomhartha Straitéiseacha

- **3A:** Taighde a choimisiúnú ina ndéantar anailís ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag IS (lena n-áirítear IS ghiniúnach) agus ag ardteicneolaíocht eile ar phríomhearnálacha gheilleagar na hÉireann. Díreofar sa taighde ar an tréimhse amach romhainn agus sainaitheofar cásanna úsáide earnálacha agus déanfar moltaí, lena n-áirítear idirghabhálacha beartais chun dlús a chur le níos mó glactha, agus chun dlús a chur le hathléimneacht ag leibhéal gnólachta agus oibrí. (RFTF, Comhairle Chomhairleach IS, An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta)
- **3B:** Níos mó béime a leagan ar chabhrú lena bhonn cliant glacadh le huirlisí digiteacha agus IS mar chuid de straitéis nua cúig bliana Fiontraíocht Éireann, a gcuirfear tús léi in 2025. (Fiontraíocht Éireann)
- **3C:** Feachtas Náisiúnta a fhorbairt chun feasacht a mhúscailt i measc FBManna maidir leis na buntáistí a bhaineann le glacadh le IS agus maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil agus an feachtas sin a rolladh amach i gcomhpháirt le grúpaí ionadaíocha gnó. (RFTF, grúpaí ionadaíocha gnó)
- **3D:** Leanúint ar aghaidh le leibhéal na tacaíochta, na hoiliúna agus na comhairle spriocdhírthe a chur ar fáil do ghnóthaí agus a fheabhsú chun dlús a chur le glacadh le agus húsáid chórais IS ar fud na n-earnálacha gnó agus tionscail. (Fiontraíocht Éireann, OFÁna, CeADAR, GFT)
- **3E:** Tairbhe a bhaint as ceannaireacht agus as saineolas phobal CIN chun tacú le fiontar dúchasach (i.e. 'foinsiú áitiúil'). (GFT, Fiontraíocht Éireann)
- **3F:** Scrúdú a dhéanamh ar roghanna chun CeADAR a fhorbairt ionas gur ionad náisiúnta a bheidh ann a bheidh ag feidhmiú ag scála cuí chun dlús a chur le agus chun tacú le hiarrachtaí gnóthaí glacadh le IS, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus CINanna. (RFTF, Fiontraíocht Éireann, GFT)
- **3G:** Infheistíocht phríobháideach in IS a dhreasú agus gnólachtaí/gnóthaí méadaithe domhainteicneolaíochta eile trí chlár infheistíochta chothromais a bhfuil an stát ag tacú leo. (RTFT, Fiontraíocht Éireann)
- **3H:** Bosca gainimh rialála IS a bhunú chun tacú le nuálaíocht in IS; cinnteacht dlí a chur ar fáil d'infheisteoirí; agus foghlaim rialála a éascú. (RFTF, FÉ, GFT agus Comhlachtaí Seirbhísí Poiblí eile de réir mar is cuí)
- **3I:** Soláthar poiblí a úsáid chun tacú le FBManna Éireannacha nuálacha; tairbhe a bhaint as saineolas an Fhóraitm Chomhairligh Dhigitigh Fiontair más cuí. (An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPSFNA), RFTF)

## Snáithe 4: IS ag Freastal ar an bPobal



Tá go leor féidearthachtaí ag baint le IS chomh fada is a bhaineann le Seirbhísí Poiblí níos fearr a sheachadadh, agus tá uailmhian láidir ann sa tseirbhís phoiblí chun tairbhe a bhaint as IS iontaofa chun na críche seo, mar chuid de chlaochlú digiteach na Seirbhíse Poiblí.<sup>4</sup>

<sup>4</sup> Seirbhísí Poiblí Níos Fearr, Bealtaine 2023 <https://www.gov.ie/en/publication/80247-better-public-services-public-service-transformation-2030-strategy>

Is é ár gcur chuige straitéiseach na coinníollacha creata a chruthú chun glacadh go rathúil le IS (scileanna, treoirlínte eiticíúla, creataí soláthair, comhroinnt dea-chleachtais agus feacht a mhúscailt) chun na huirlisí a chur ar fáil do chomhlachtaí seirbhíse poiblí a theastaíonn uathu chun IS a úsáid.

I mí Eanáir 2024, gheall an Rialtas go mbeidh seacht gceanglas a bhaineann le IS eiticíúil forbartha ag Sainghrúpa Ardleibhéil IS an Choimisiúin Eorpaigh á gcomhlíonadh ag gach feidhmchlár IS atá in úsáid ag an tSeirbhís Phoiblí.<sup>5</sup> Tá Treoirlínte Eatramhacha bunaithe chun cabhrú le seirbhísigh poiblí é sin a chomhlíonadh, agus tá treoirlínte mionsonraithe ina léirítear go hiomlán ceanglais Ghníomh IS nua an AE á bhforbairt.<sup>6</sup>

Chun a chinntiú go mbeidh na scileanna cuí ag ár seirbhísigh poiblí chun IS a úsáid, tá tionscnaimh foghlama agus forbartha spriocdhírthe tairgthe do thart ar 500 seirbhíseach poiblí go dtí seo. I measc na gclár tá clár Máistir-ranga IS atá dírithe ar cheannairí sinsearacha sa tseirbhís poiblí agus sa státseirbhís agus clár faoi Bhunriachtanais IS atá dírithe ar bhainisteoirí sinsearacha. Leanfar leis an tionscnamh seo a mhéadú agus a sheachadadh ag gach grád sa tseirbhís poiblí agus sa státseirbhís, chun a chinntiú go bhfuil seirbhísigh poiblí eolasach ar IS, agus a húsáid shábháilte agus eiticíúil sa tSeirbhís Phoiblí.

Tá úsáid á baint as cur i bhfeidhm IS “Cúnga” i roinnt réimsí de chuid na seirbhíse poiblí, i réamhaisnéisiú na haimsire, i dtairngreachtaí ráig ghalar i measc ainmhithe, agus i láimhseáil doiciméid uathobrithe chliste, mar shampla. Tá cumas suntasach ag an sraith uirlisí IS giniúnacha atá ag teacht chun cinn chun cur le hobair na bhfostaithe sa tseirbhís poiblí i réimsí amhail taighde polasaí, soláthar seirbhíse agus riarachán. Tá roinnt tionscadal píolótach lárnach chun tástáil a dhéanamh ar chruthúnas coincheapa agus úsáide ar bun faoi láthair.

Is seirbhís inmheánach é **RevAssist** atá bunaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim a chuireann ar chumas ball foirne Lámhleabhar Cánach agus Dleachtanna (LCD) a fhiosrú trí úsáid a bhaint as teanga nádúrtha. Clúdaítear ann 1500+ lámhleabhar faoi chánacha, dleachtanna agus tobhaigh. Úsáideann baill foirne comhéadan simplí chun fiosrúcháin a dhéanamh, chun freagairtí achomair a fháil ina mbíonn tagairtí do lámhleabhair foinse. Úsáideann an tionscadal teicneolaíocht GenAI/LLM, agus tá an comhéadan forbartha “mar sheirbhís” chun uasghrádú níos éasca a cheadú de réir mar a bheidh tairgí níos forbartha ar fáil.

<sup>5</sup> Preasráiteas: “Gealltanas tugtha ag an Rialtas úsáid a bhaint as IS iontaofa sa tSeirbhís Phoiblí”, 9 Eanáir 2024 <https://www.gov.ie/en/press-release/a5c3e-government-commits-to-using-trustworthy-ai-in-the-public-service/>

<sup>6</sup> Treoirlínte Eatramhacha maidir le IS iontaofa sa tSeirbhís Phoiblí, Eanáir 2024 <https://www.gov.ie/en/press-release/a5c3e-government-commits-to-using-trustworthy-ai-in-the-public-service>.

### **Gníomhartha Straitéiseacha**

4A: Treoirínte a fhoilsiú maidir le húsáid fhreagrach na hIntleachta Saorga i Seirbhís Phoiblí na hÉireann. (RCPSPFNA)

4B: Úsáid IS do sheachadadh Seirbhíse Poiblí a scrúdú, lena n-áirítear trí thionscadail IS phiolótacha. (RCPSPFNA, gach Comhlacht Seirbhíse Poiblí)

4C: Spás sábháilte a chruthú ina spreagtar státseirbhísigh agus seirbhísigh poiblí chun triail a bhaint as uirlisí IS. (RCPSPFNA, Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí).

4D: Samplaí de thionscadail IS, den mhéid atá foghlama agus de dhea-chleachtas sa tSeirbhís Phoiblí a shainnithint agus a chomhroinnt. (RCPSPFNA, Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí)

4E: Feasacht a mhúscailt sa tSeirbhís Phoiblí ar thacaíochtaí atá ar fáil chun cabhrú le glacadh le IS, mar shampla, an Mol Nuálaíochta Digití Eorpach (MNDE) in CeADAR, agus clár Comhaltachta Seirbhíse Poiblí Thaighde Éireann. (RCPSPFNA, RFTF)

4F: A chinntiú go bhfuil rochtain ag an tSeirbhís Phoiblí ar ghairmithe IS oilte trí earcaíocht; agus deiseanna athoiliúna agus uasoiliúna maidir le IS a chur ar fáil d'fhoireann na Seirbhíse Poiblí. (RCPSPFNA, an Foras Riaracháin (FR), Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí)



## Snáithe 5: Timpeallacht Láidir Taighde agus Nuálaíochta IS



Is príomhthiománaí dár bhforbairt gheilleagrach agus iomaíochas idirnáisiúnta é timpeallacht Taighde agus Nuálaíochta (T&N) den chéad scoth na hÉireann.

Tá an Rialtas tiomanta do chothromaíocht mhaith a chinntiú idir infheistíocht ar fud an chórais, idir taighde bunúsach agus taighde atá dírithe ar an margadh. Is bunchloch riachtanach í timpeallacht láidir do thaighde bunúsach IS trí chomhoibriú idir ollscoileanna, institiúidí taighde agus an tionscal chun dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le teicneolaíochtaí IS agus earnáil IS shláintiúil. Tá timpeallacht taighde a thacaíonn le IS fheidhmeach agus úsáid agus tráchtálú tapa theicneolaíochtaí IS chomh tábhachtach céanna. Cuimsítear anseo tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta, gortanna agus luasairí a thugann réitigh IS chuig an margadh.

Tá roinnt saoráidí taighde IS den chéad scoth in Éirinn. Bhainfeadh an timpeallacht tairbhe as níos mó comhleanúnachais, áfach. Trí spriocanna na n-ionad taighde IS éagsúil a aontú agus trí Chumarpoinnte Taighde IS Náisiúnta a chruthú méadóimid acmhainn phobal taighde na hÉireann chun tionchar dáiríre agus suntasach a imirt ar an timpeallacht IS dhomhanda.

Is tionscadal é **CAMEO** atá á mhaoiniú faoi thionscadal Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha chun earnáil seirbhísí Fhaire na Cruinne (FC) a fhorbairt in Éirinn agus chun scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag sonraí FC sna réimsí aeráide, talmhaíochta agus muirí. D'úsáid sé teicneolaíocht intleachta saorga agus satailíte chun córas luathrabhaidh a fhorbairt do phobail atá i mbaol drochthuilte i gCora Droma Rúisc, Co. Liatroma, Mainistir na Corann i gCo. Chorcaí, Baile Átha Luain i gCo. na hIarmhí agus Cathair Luimnigh.

## Taighde agus Nuálaíocht a Dhreasú

Soláthraíonn an Rialtas raon clár taighde chun tacú le comhoibriú idir lucht tionscail, lucht taighde agus lucht acadúil. Ainneoin go bhfuil níos mó ná IS i gceist, tá sé tábhachtach aird a tharraingt ar na cláir atá ar fáil faoi láthair trína bhfuil tionscadail a bhaineann le IS á maoiniú. Áirítear leis seo:

- Cláir mhaoinithe Fhiontraíocht Éireann cosúil le:
  - Dearbháin Nuálaíochta,
  - Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta,
  - Ionaid Teicneolaíochta,
  - Geataí Teicneolaíochta agus
  - Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha, cosúil le CeADAR, Ionad na hÉireann don IS Fheidhmeach;
- Aistriú Eolais Éireann agus líonra na hOifige um Aistriú Teicneolaíochta;
- Cláir mhaoinithe GFT Éireann cosúil le Dearbháin Nuálaíochta, rochtain ar Chomhpháirtíochtaí Nuálaíochta agus Deontais T&F.
- Ionaid Taighde Thaighde Éireann, a bhfuil taighde bunúsach á dhéanamh acu, agus Ionaid d'Oiliúint Taighde, lena n-áirítear:
  - ADAPT (Teicneolaíocht Inneachair Dhigitigh IS-Thiomáinte)
  - INSIGHT (Anailísíocht Sonraí)
  - Lero (Bogearraí)
  - EMPOWER (Rialachas Sonraí).
- Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (CNTB).

Bhunaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta CNTB chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt agus in úsáid teicneolaíochtaí agus feidhmchlár bunathraitheach ar bhonn tráchtála. Tá sé deartha chun dlús a chur le comhoibriú idir bonn taighde agus gnóthaí na hÉireann i réimsí teicneolaíochta ceannródaíoch. Tá beagnach leath (44%) den leithdháileadh maoinithe €370 milliún atá leithdháilte go dtí seo trí CNTB, curtha ar fáil do thionscadail a bhfuil gné IS ag baint leo. I rith athbhreithnithe atá le déanamh ar an gCiste gan mhoill déanfar measúnú ar a éifeachtacht chomh fada is a bhaineann le nuálaíocht cheannródaíoch a dhreasú.

### Gníomhartha Straitéiseacha

- 5A: Cumarpoinnte Taighde IS Náisiúnta a chruthú ag a mbeidh aitheantas aontaithe, lena n-áirítear trí chomhaontuithe comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha idir Ionaid Taighde Thaighde Éireann agus Ionaid Teicneolaíochta Fiontraíocht Éireann atá ag díriú go speisialta ar IS. (RBATNE, RFTF, Taighde Éireann, Fiontraíocht Éireann)
- 5B: Tacú le rannpháirtíocht na hÉireann i mbearta phacáiste Nuálaíochta IS an AE. (RCAC, RBATNE, RFTF, Fiontraíocht Éireann)<sup>7</sup>
- 5C: Rannpháirtíocht taighdeoirí agus fiontar Éireannach a spreagadh i gcláir AE agus idirnáisiúnta agus i gcomhpháirtíochtaí maoinithe a thacaíonn le nuálaíocht IS; agus leanúint ar aghaidh ag tacú le comhpháirtíochtaí cómhaoinithe T&F IS ar fud oileán na hÉireann agus go hidirnáisiúnta. (RBATNE, RCAC, RFTF, Fiontraíocht Éireann, Taighde Éireann)
- 5D: Tacú le T&F do IS trí thionscnaimh lena mbaineann béim réigiúnach, lena n-áirítear an Scéim Nuálaíochta Fiontar Réigiúnach Chliste, a bhfuil Straitéis Speisialtóireachta Chliste na hÉireann agus na Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha mar bhonn leo.<sup>8</sup> (RFTF agus Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha)
- 5E: Athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar CNTB ar fhiontair chumasaithe T&F chomhoibritheacha IS-bhunaithe chun tairiscintí margaidh AI-chumasaithe nuálacha a thairiscint. (RTFT, Fiontraíocht Éireann)

---

<sup>7</sup> Preasráiteas ón gCoimisiún Eorpach, Eanáir 2024

[https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip\\_24\\_383](https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_24_383)

<sup>8</sup> Straitéis Speisialtóireachta Chliste, Iúil 2022 <https://enterprise.gov.ie/en/publications/publication-files/national-smart-specialisation-strategy-for-innovation-2022-2027.pdf>

## Snáithe 6: Oideachas, Scileanna agus Bua IS



Ó foilsíodh an Straitéis Náisiúnta IS in 2021, tá raon beart bunaithe chun a chinntiú go bhfuil an tallann agus na scileanna ag Éirinn chun tairbhe a bhaint as na buntáistí a bhaineann le IS. Tá sé soiléir anois in 2024 gur teicneolaíocht shuaiteach í IS a bheidh mar bhonn le hathruithe suntasacha sa saol oibre, agus go mbeidh impleachtaí aici freisin ar ár riachtanais scileanna.

Aithnítear sa Treochlár Straitéiseach Náisiúnta do Chlár Beartais Dheacáid Dhigiteach an AE go bhfuil sé riachtanach go leanfaimis ar aghaidh leis na scileanna digiteacha a sholáthar atá riachtanach chun tacú le riachtanais shonracha an mhargaidh saothair i ngach cuid den gheilleagar. Tá príomhbhéim á leagan ag Éirinn ar leanúint ar aghaidh le soláthar oiriúnach scileanna digiteacha a chinntiú, idir scileanna bunúsacha agus ardleibhéil agus lena n-áirítear i gcomhair IS, lena n-áirítear i ndáil le paireacht inscne agus ríomh-ionchuimsiú a chinntiú.<sup>9</sup>

Ciallaíonn forbairt thapa theicneolaíocht IS go bhfuil sé róluath fós an tionchar iomlán a bheith ag IS ar an margadh saothair a thomhas go cruinn. Beidh Éire, mar gheilleagar sárhorbartha, páirteach sa ghrúpa is túisce d'athruithe, agus tugtar le fios i staidéar atá déanta<sup>10</sup> gur dócha go mbeidh tionchar ag IS ar thart ar aon trian den fhostaíocht in Éirinn. In go leor cásanna, gach seans go gcuirfidh IS leis na ról sin seachas go mbeidh

<sup>9</sup> Treochlár Straitéiseach Náisiúnta na hÉireann do Chlár Beartais Dheacáid Dhigiteach an AE 2024

<https://www.gov.ie/en/publication/da0d5-irelands-national-strategic-roadmap-for-the-eu-digital-decade-policy-programme/>

<sup>10</sup> *Intleacht Shaorga: Cara nó Namhaid*, An Roinn Airgeadais agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Meitheamh 2024 <https://www.gov.ie/en/publication/6538e-artificial-intelligence-friend-or-foe>

sí ag teacht ina n-ionad. <sup>11</sup> É sin ráite, ní tharlóidh an chomhlántacht sin go huathoibríoch, seachas sin éileoidh sí acmhainní agus cumas nua a fhorbairt san fhoireann oibre.

Níl an tionchar is dócha a bheidh ag úsáidí reatha (agus todhchaíocha) IS ghiniúnach aibhsithe i mórán taighde go dtí seo. Mar thosaíocht, áfach, tá dlúthmhonatóireacht á déanamh ag an Rialtas ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag IS ar an saol oibre, de réir mar a bheidh an teicneolaíocht ag forbairt, agus is ábhar é sin a d'fhiafraigh an Rialtas ar an gCoiste Comhairleach IS a scrúdú.

Leanfaidh an Rialtas ar aghaidh ag díriú ar sholáthar IS agus scileanna a leabú ar fud an bhonneagair oideachais agus scileanna. Chomh maith leis sin, oibreoimid le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach agus Fóram Eacnamaíoch na bhFostóirí Saothair, chun aistriú cóir chuig an saol oibre a chinntiú. <sup>12</sup>

Soláthraíonn forbairt scileanna digiteacha ar fud an churaclaim bhunscoile agus mheánscoile an bhunchloch ar a bhforbraítear scileanna digiteacha aosaigh, agus tá athchóiriú á dhéanamh i láthair na huaire ar an gcuraclam bunscoile agus iar-bhunscoile. Pointe tábhachtach is ea nach scileanna digiteacha amháin a theastaíonn le haghaidh IS, agus go mbeidh ról ríthábhachtach ag forbairt leantach scileanna comhbhácha agus cognaíocha i ndáil le rath a bheith ar ghlacadh le IS in Éirinn.

### **Scileanna IS Ardleibhéal**

I bhfianaise an éilimh atá ar a leithéid sin de scileanna agus i gcomhthéacs ár spriocanna a bhaineann le Deacáid Dhigiteach an AE a chomhlíonadh i gcomhair speisialtóirí TFC, leanfaidh Éire ar aghaidh ag infheistiú go suntasach i gclár oideachais speisialta a bhfuil sé mar aidhm leo scileanna taighde IS ardleibhéal a fhorbairt. San áireamh ansin tá clár PhD, comhaltachtaí taighde agus cúrsaí speisialta tríú leibhéal atá bunaithe ar IS agus ar mheaisínfhoghlaim. Forbróidh sé sin acmhainn náisiúnta in IS a fheabhsóidh seasamh na hÉireann mar shuíomh atá oiriúnach d'fhorbairt agus d'úsáid IS.

---

<sup>11</sup> Feasachán Taighde an Bhainc Cheannais Eorpaigh, “Seans go bhfuil áibhéil i gceist i dtuarascálacha maidir le IS a bheith ag cur deireadh le hobair dhaonna”, Samhain 2023 <https://www.ecb.europa.eu/pub/economic-research/resbull/2023/html/ecb.rb231128~0a16e73d87.en.html>

<sup>11</sup> Staidéar na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, IS Ghiniúnach agus Poist: Anailís dhomhanda ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith aici ar chainníocht agus ar cháilíocht poist Lúnasa 2023 [https://www.ilo.org/global/about-the-ilo/newsroom/news/WCMS\\_890740/lang-en/index.htm](https://www.ilo.org/global/about-the-ilo/newsroom/news/WCMS_890740/lang-en/index.htm)

<sup>11</sup> Páipéar an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, IS Ghiniúnach: Intleacht Shaorga agus Todhchaí na hOibre, Eanáir 2024

<https://www.imf.org/en/Publications/Staff-Discussion-Notes/Issues/2024/01/14/Gen-AI-Artificial-Intelligence-and-the-Future-of-Work-542379>

<sup>12</sup> De réir Threoir 2002/14/CE ón AE, lena dtugtar ceart ginearálta d'fhostóirí chun faisnéise agus comhairliúcháin lena bhfostóir maidir le nithe a bhfuil tionchar acu orthu

Tá dea-theist ar Ionaid Thaighde Éireann lena n-áirítear Insight, ADAPT, Connect agus Lero chomh fada is a bhaineann le céimithe PhD IS ar ardchaighdeán a fhorbairt - tá Insight tar éis tacú le breis is 1,000 céimí PhD le 10 mbliana anuas. Bhain CINanna agus gnóthaí dúchasacha Éireannacha tairbhe shuntasach an na céimithe cumasacha sin.

### **Scileanna IS don Mhargadh Saothair**

Is í ár n-uaimhian go mbeidh glacadh le IS mar bhonn le hionaid oibre níos sábháilte, níos táirgiúla, ina bhfuil oibrithe á gcumhachtú ag uirlisí IS, seachas go mbeidh IS in úsáid in ionad oibrithe. Tá tús curtha le cur chuige uile-rialtais maidir le beartas scileanna a fhorbairt, lena n-áirítear trí Chomhairle Náisiúnta Scileanna nua na hÉireann a bhunú. Foilseofar an tuarascáil faoin gcéad tionscadal faoi chlár taighde RBATNE / ITES maidir le ról na dteicneolaíochtaí atá á bhforbairt, lena n-áirítear IS, i scileanna an mhargaidh saothair in 2024.

Tá raon tionscnamh digiteach agus uasoiliúna agus athoiliúna á gcur ar fáil trí Skillnet Ireland, Tionscnamh Caipitil Dhaonna agus Springboard+. Tá Líonraí Gnó Skillnet ag soláthar cúrsaí uasoiliúna do ghnóthaí ag gach leibhéal, idir bunchúrsaí oiliúna lae agus cúrsa MSc san Intleacht Shaorga atá comhfhobartha ag Ollscoil Luimnigh. Ag tús 2024, bhí obair faoi Springboard+ agus faoin Tionscnamh Caipitil Dhaonna mar bhonn le trí chúrsa IS faoi chlár Springboard+ 2023 a thairg 78 áit, agus trí chúrsa faoi Cholún 1 den Tionscnamh Caipitil Dhaonna a thairg 55 áit. Tá 395 áit bhreise á gcur ar fáil idir TCD, UCD agus Ollscoil Luimnigh ar chláir IS agus Leighis faoi Cholún 3 den Tionscnamh Caipitil Dhaonna.

Chomh maith leis sin, soláthróidh printíseachtaí teicneolaíochta a bhaineann le IS agus cláir Bhreisoideachais deiseanna chun freastal ar na scileanna éagsúla a bheidh ag teastáil san fhoireann oibre. Le cois freastal ar phríomhriachtanais scileanna ó Leibhéal 6 agus níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, bainfear tairbhe as an gcur chuige seo chun an phíblíne tallainne IS a éagsúlú agus a leathnú amach anseo lena n-áirítear chun tacú le níos mó rannpháirtíochta i measc na mban, ceanglas a bhaineann lenár spriocanna AE freisin.

Páirteach sna Príomhlíonraí Gnó Skillnet a sholáthraíonn cúrsaí uasoiliúna agus oiliúint speisialaithe in Intleacht Shaorga (IS) tá Skillnet TFC Theicneolaíocht Éireann, Skillnet Digiteach Theicneolaíocht Éireann, itag Skillnet agus Comhghuaillíocht Tionscail Theicniúil Skillnet.

### Gníomhartha Straitéiseacha

- 6A: Staidéar 2022 ar scileanna IS an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna na Todhchaí a nuashonrú, mar chuid de chlár oibre faoi scileanna teicneolaíochta i gcomhthéacs spriocanna Dheacáid Dhigiteach an AE maidir le scileanna digiteacha agus rannpháirtíocht na mban. (Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna na Todhchaí)
- 6B: Páirt a ghlacadh i staidéar ECFE ar thionchar IS Ghiniúnach ar riachtanais scileanna FBManna. (RFTF)
- 6C: Treoirínte a fhorbairt maidir le húsáid IS i measc múinteoirí agus ceannairí scoile, cur leis na treoirínte atá foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach, agus breithniú a dhéanamh ar chomhtháthú cuí IS agus litearthacht IS i gcuraclaim. <sup>13</sup> (R/Oideachais)
- 6D: Leanúint ar aghaidh le tallann IS ar ardchaighdeán a fhorbairt trí Ionaid Taighde Thaighde Éireann, lena n-áirítear trí leanúint ar aghaidh le maoiniú a chur ar fáil do chéimithe PhD. (RBATNE, Taighde Éireann)
- 6E: Cur le raon na dtionscnamh uasoiliúna agus athoiliúna digiteacha, lena n-áirítear iad siúd atá ar fáil trí Skillnet Ireland, Springboard+, printíseachtaí agus tionscnaimh chaipitil dhaonna amach anseo. (RBATNE)

---

<sup>13</sup> An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, *Treoirínte eiticiúla maidir le húsáid na hintleachta saorga (IS) agus sonraí i dteagasc agus i bhfoghlaim d'oideoirí*  
<https://data.europa.eu/doi/10.2766/153756>

## Snáithe 7: Bonneagar do IS



Éilíonn forbairt agus úsáid chórais IS rochtain ar bhonneagar crua cosúil le hacmhainn ríomhaireachta, stóráil agus líonraí. Lena chois sin, éilíonn córais IS iontaofa bonneagar bog i bhfoirm tacar sonraí mór, cáilíochtrialaithe do chúrsaí oiliúna.

Tá teicneolaíocht IS ag forbairt go tapa. Ainneoin gur dócha go n-éileoidh formhór na samhlacha teanga móra, cumhachtacha ardleibhéal d'acmhainn ríomhaireachta, ciallaíonn uirlisí agus modhanna forbartha nua gur féidir samhlacha cumhachtacha a fhorbairt chun feidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí, níos tapa agus ar bhealach atá níos tíosaí ar fhuinneamh.

### **Acmhainn Ríomhaireachta**

Bunaithe ar an ualach trom ríomhaireachta a bhaineann le go leor samhlacha IS, tá fíorthábhacht ag baint in Éirinn le hardbhonneagar na Ríomhaireachta Ardfeidhmíochta (RAF) agus na ríomhaireachta candamaí i gcomhthéacs na nuálaíochta IS.

Bealach amháin chun é sin a dhéanamh tacú leis an rochtain atá ag gnóthaí agus ag taighdeoirí Éireannacha ar na hacmhainní comhthiomsaithe atá ar fáil ar fud an Aontais Eorpaigh. I láthair na huaire, tá na deich sár-ríomhaire is cumhachtaí ar domhan ar fáil san AE agus tá sé ag leanúint ar aghaidh ag infheistiú ina thimpeallacht Ríomhaireachta Ardfeidhmíochta - i bpáirt trí Mhonarchana IS a fhorbairt. <sup>14</sup>

Déanfaidh an Rialtas athbhreithniú straitéiseach ar na seirbhísí Ríomhaireachta Ardfeidhmíochta a theastaíonn chun dlús a chur le nuálaíocht agus chun glacadh le IS agus le hardteicneolaíochtaí eile, agus beidh sé mar bhonn le hinfeistiú a dhéanfar amach anseo.

---

<sup>14</sup> An Coimisiún Eorpach, Márta 2024 <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/ai-factories>



## **Sonraí**

Beidh fíorthábhacht ag baint le tairbhe a bhaint as na féidearthachtaí a bhaineann le tacair sonraí atá ar fáil cheana féin chun dlús a chur le forbairt agus húsáid a bhaint as IS. Le haghaidh eagraíochtaí cosúil le FBManna agus an earnáil phríobháideach tá sé riachtanach dea-chleachtais a bhunú do bhainistiú agus do rialachas sonraí. Déanfar cur síos sa chéad Straitéis Sonraí Seirbhíse Poiblí eile, i dteannta le sraith Caighdeán agus creataí Sonraí nua, ar conas a dhéileálfaidh an tSeirbhís Phoiblí leis an gceist. Ar an gcuma chéanna, spreagfar fiontair chun aird a thabhairt ar luach bunúsach a gcuid sonraí. Ciallóidh Gníomh um Sonraí an AE go mbeidh daoine aonair agus gnóthaí in ann a sonraí gléasghinte a rialú ar bhealach níos fearr trí cheart iniomparthachta sonraí treisithe, sonraí a chóipeáil nó a aistriú go héasca idir seirbhísí difriúla.

## **Cibearshláidáil**

Tá an bonneagar ríomhaireachta agus sonraí seo luachmhar. Cosúil le gach sócmhainn luachmhar, tá sé leochaileach do bhagairtí. Tá an Lárionad Náisiúnta Cibearshláidála (LNCS) freagrach as comhairle a chur ar chomhlachtaí poiblí agus ar sholáthraithe Bonneagair Náisiúnta Chriticiúil maidir le bagairtí agus leochaileachtaí reatha a bhaineann le slándáil faisnéise líonra. Comhthreomhar leis sin, beidh níos mó freagrachtaí ar ghnóthaí as a gcibearshláidáil féin faoi Threoir NIS2 an AE agus faoi Ghníomh um Chibear-Athléimneacht an AE.

## **Lárionaid Sonraí agus Bonneagar Fuinnimh**

Is gné ríthábhachtach den bhonneagar a theastaíonn i gcomhair IS iad Lárionaid Sonraí. Is úsáideoirí fuinnimh an-mhóra iad Lárionaid Sonraí, agus soiléirítear i Ráiteas an Rialtais maidir le Lárionaid Sonraí i Straitéis Fhiontraíocht Éireann (a foilsíodh in 2022) an gá atá le cothromaíocht a chinntiú idir forbairt Lárionaid Sonraí agus ár n-uailmhianta aeráide.

D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag Lárionaid Sonraí i ndlús a chur le seachadadh an fhuinnimh in-athnuaite. D'fhéadfadh a bpróifíl éilimh fuinnimh, atá intuartha agus ar scála, infheistíocht i nginiúint in-athnuaite a dhreasú.

Is í uailmhian aeráide agus fuinnimh na hÉireann cur le céatadán an fhuinnimh in-athnuaite suas go dtí 80% ar an ngreille faoi 2030, agus acmhainn ghaoithe easchósta de 20GW a sholáthar faoi 2040 agus ar a laghad 37GW ar fad a chur ar fáil faoi 2050. Taobh leis an uailmhian seo, leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta um Éileamh Fuinnimh (SNÉF) plean do chóras éilimh fuinnimh níos dinimiciúla a bheidh in ann freagairt ar bhealach níos fearr d'infhaighteacht ard nó do sholáthar teoranta na giniúna leictreachais in-athnuaite, agus áirítear anseo ról do Mhórúsáideoirí Fuinnimh cosúil le lárionaid sonraí. Tá sé mar aidhm le SNÉF a chinntiú go mbainimid an oiread tairbhe agus is féidir as athnuaiteáin, agus go gcuirimid srian leis an úsáid atá á baint as giniúint thraidisiúnta, go bhfeabhsóimid slándáil an tsoláthair agus go ndícharbónaimid an ghreille.

Tarraingítear aird in *Rathúnas a Chumhachtú - Straitéis Thionsclaíoch na hÉireann um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta* ar an bhféidearthacht a bhaineann le comhlonnú mórúsáideoirí fuinnimh, cosúil le lárionaid sonraí, agus giniúint fuinnimh in-athnuaite a úsáid mar bhealach chun cabhrú le tionscal mór a dhícharbónú. Tá caipiteal díreach tosaigh ar luach €750 milliún é leithdháilte ag an Rialtas chun bonneagar leictreachais a fhorbairt, go háirithe chun tacú le Céim I d'fhorbairt eangaí easchósta. Éascóidh an caipiteal suntasach seo tuilleadh forbartha gaoithe easchósta do EirGrid, cumasóidh sé dícharbónú an gheilleagair trí chéile agus feabhsóidh sé ár n-iomaíochas. Beidh tionchar dearfach ag an eolas maidir le soláthar an mhaoinithe seo, chun cur le hacmhainn ár ngréille leictreachais, ar chinntí infheistíochta a dhéanfar amach anseo – atá á mbreithniú ag cuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta i láthair na huaire.

### Gníomhartha Straitéiseacha

- 7A: Athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar sheirbhísí Ríomhaireachta Ardfeidhmíochta atá á gcur ar fáil do thaighdeoirí sa chomhthéacs acadúil agus fiontair atá riachtanach chun dlús a chur le nuálaíocht agus chun glacadh le IS agus le hardteicneolaíochtaí eile agus chun na moltaí a chur chun feidhme, agus é mar aidhm rochtain na hÉireann ar ardchumhacht ríomhaireachta IS a mhéadú, lena n-áirítear saoráidí sár-ríomhaireachta an AE. (RBATNE, RFTF, RCPSPFNA, Taighde Éireann)
- 7B: Dlús a chur le cur chuige pleanbhunaithe chun lántairbhe a bhaint as infheistíocht ghreille agus fuinnimh, lena n-áirítear i gcomhthéacs forbairt foinsí fuinnimh in-athnuaite, chun a chinntiú gur féidir le hÉirinn freastal ar riachtanais fuinnimh Mórúsáideoirí Fuinnimh sa mheántéarma. Cuimseofar anseo breithniú a dhéanamh ar pháirceanna fuinnimh glasa nó in-athnuaite. (RCAC, RFTF)
- 7C: Measúnú a dhéanamh ar na rioscaí cibearshlándála atá ag eascairt as níos mó úsáide a bhaint as teicneolaíocht IS, lena n-áirítear saothrú aon leochaileachta bonneagair agus caillteanas sonraí íogaire a áirítear ann tograí agus roghanna chun na rioscaí sin a mhaolú. (LNCS)